AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Plandaí Feoiliteacha – marfóirí sa phortach

drúchtín móna – an planda feoiliteach is fearr aithne air



Cailis mhuire mhór. Tá rinn faireogach ar gach braiteog dhearg ar dhuilleoga na bplandaí seo, a tháirgeann braoinín drúchta ina bhfuil neart greamaitheach gliú sárthréan in éineacht le cumhacht creimneach aigéid chadhnraí.

Beidh a fhios ag aon duine a shiúil trasna portaigh ar lá ciúin te cén cineál parthas iad na portaigh d'fheithidí, go háirithe na cinn chailgeacha. An rud nach mbeadh ar eolas agat b'fhéidir ná go mbíonn portaigh lán le plandaí a thugann cor in aghaidh an chaim don fheithid agus a bhearfaidh ar, a mharóidh agus a íosfaidh gach aon mhíol, fhríd agus seangán *(ant)* is féidir leo. Más feithid thú, idir fheithidí ar mhéid na míolta gorma bídeacha agus mhéid na mbéchuileanna, d'fhéadfá bheith i mbaol do bháis go mór gan ach portach a thrasnú nó dul ag snámh i linn. Óir i measc na gcaonach agus na bhfraoch, nó ar foluain i linnte tanaí, fásann folúis agus gaistí greamaitheacha an bháis. Tá na dúnmharfóirí éighníomhacha ag fanacht go foighdeach leis an gcéad íobartach eile a bheidh acu; Drúchtíní, Bodáin Mheascáin agus Lusanna an Bhorraigh. Ní ar mhéid a nirt a bhíonn siad ag brath le breith ar a gcreach, ach ar chluain na háilleachta agus na dúile. Plandaí feoiliteacha is ea iad seo, grúpa speisialaithe atá tar éis dul in oiriúint dá saol ag fás i gcomhshaoil a bhíonn gann in ábhair chothaitheacha. Tar éis dóibh a gcreach a dhaingniú leis na gliúnna is láidre agus leis na folúis is tapúla i ndomhan an dúlra, faigheann siad cothaithigh as aiste bia d'fheoil agus de shúnna feithidí. Fásann deich gcinn de speicis dhúchasacha go fiáin in Éirinn, in éineacht leis an bplanda ascaide a tugadh isteach.

Drúchtíní

Tá duilleoga ar chruth spúnóige ar dhrúchtíní, duilleoga atá clúdaithe le líon chomh mór le 200 "braiteoga" dearga (nó faireoga ar ghais) atá ar chruth biorán agus a ghníomhaíonn ach rud nó lámh teacht orthu. Tá

Meallann siad a gcuid íobartach go dté drochchríoch ghránna orthu, le duilleoga dathúla lán leachta, le cumhrachtaí géara, gliú drithleach nó le braiteoga greamaitheacha. plandaí ar leith is ea iad na plandaí feoiliteacha sa mhéid is go meallann siad, go ngabhann siad i ngaiste agus go mbaineann siad sochar trína gcreach a dhíleá *(digest)*, agus maireann siad díreach anseo in éirinn.



Gabhann an Bodán meascáin feithidí i ngaiste ar a gcuid duilleog. Mar a tharlaíonn le plandaí feoiliteacha eile a bhaineann úsáid as "gaistí greamaitheacha", claonann na duilleoga anuas go mall ar chaon taobh, ag gabháil na creiche a ndéanann súnna arna dtáladh as faireoga ar dhromchla na duilleoige, é a dhíleá.

Tarlaíonn Lusanna an Bhorraigh i linnte i bportaigh agus moingeanna ar fud na hÉireann ach ní thugtar faoi deara iad ach nuair a thagann na bláthanna buí amach os cionn dhromchla an uisce.

ceann gach faireog clúdaithe le tál gumalachta *(mucilaginous secretation)* atá aigéadach agus einsímeach *(enzymatic)* agus nach n-imíonn ar an aer mar ghal. D'fhéadfadh feithidí na duilleoga drithleacha a thógáil in ainriocht neachtair nó d'fhéadfadh na plandaí breith orthu toisc go mbualann siad in éadan na nduilleog trí sheans.

Gabhann planda drúchtín líon chomh mór le cúig fheithide in aghaidh na míosa ar an meán ina ngaistí. Áirítear cuileoga beaga, míolta, ciaróga agus seangáin ar an gcreach sin, cé go bhféadfadh roinnt duilleog creach níos mó amhail béchuileanna a ghabháil i ngaiste agus iad ag obair i gcomhuain le chéile. Baineann na plandaí sochar as seo trí chothaithigh mhianraí a shú as a gcreach, go háirithe nítrigin agus fosfar *(phosphorous)* a bhíonn gann i bportaigh.

Nuair a ghabhann braiteog dhrúchtín feithid i ngaiste, gabhann comharthaí leictreacha leis na gluaiseachtaí agus claonann braiteoga eile i dtreo na feithide dá bharr agus faoi cheann trí nóiméad, ní bhíonn aon dul as ann don fheithid. Claonann an duilleog ar fad anuas agus teannann dhá thaobh na duilleoige ar a chéile. D'fhéadfadh an lá ar fad a bheith caite sula mbeadh an ghluaiseacht sin curtha i gcrích.

Agus an fheithid suite daingean laistigh, scaoiltear súnna díleácha chun í a mharú, déantar an fheithid a thuaslagadh *(dissolve)* ansin agus í ag streachailt, próiseas a mhaireann idir roinnt uaireanta a chloig agus roinnt laethanta. Nuair a osclaíonn an duilleog amach an athuair, beidh fuíoll dubh na bpíosaí do-ite den chos agus de na heití le feiceáil, fianaise ar shlí bheatha an phlanda.

Tá trí speiceas drúchtín ar phortaigh na hÉireann a d'fhéadfaí a idirdhealú ar a chéile ar an gcruth atá ar a gcuid duilleog. Is é an Drúchtín Móna *Drosera rotundifolia*, ar a bhfuil duilleoga cruinne, an ceann is coitianta, a bhíonn le fáil beagnach áit ar bith a bhfásann caonach Sfagnaim. Bíonn an Cailis Mhuire *D. intermedia* le fáil in iarthar na hÉireann, agus é ag fás ina dtortáin ar mhóin lom nochtaithe. Ar deireadh, fásann Cailís Mhuire Mhór *D. anglica* nó *longifola*, a bhfuil duilleoga fada air, go coitianta i linnte bhuana ar an bportach. Déanann duilleoga dearga gach speiceas bonnróiséad *(basal rosette)* as a n-éiríonn gas bláthanna a bhfuil bláthanna bídeacha bána air. Críonann na duilleoga siar sa gheimhreadh agus an bia gann go ndéanann siad bachlóg theann idirphasach *(resting)*.

Bodáin Mheascáin

Baisteadh *Butterworts* ar na bodáin mheascáin i mBéarla toisc go raibh a gcuid duilleog gréisceach cosúil le him. Tarlaíonn trí speiceas in Éirinn. Bíonn róiséid duilleog cosúil le réalta a fhanann gar don talamh agus a bhíonn chomh mór le 8cm ar a bhfad trasna ar an mBodán Meascáin *Pinguicula vulgaris*, agus ar an tSadhbhóg Shléibhe nó Leith Uisce *Pinguicula grandiflora*. Baineann na bláthanna áille liathchorcra cosúil le sailchuacha a bhíonn le feiceáil go luath sa samhradh aird an duine ó airm an dúnmharaithe thíos futhu. Níl an Leith Uisce Beag *P. lusitanica*, a bhíonn níos lú, ach 1-2cm ar a fhad trasna agus táirgeann sé bláthanna bídeacha bándearga éadrom i gcaitheamh an tsamhraidh ar fad. Fásann na drúchtíní uile i bportaigh

Is é Gaiste Lus an Bhorraigh an gaiste plandaí lena mbaineann an próiseas gafa feithidí is tapúla: slogtar an t-íobartach in achar is lú ná an míliú cuid de shoicind. Ó chlé go deis: Nuair a theagmhaíonn míol gorm le ribí truicir *(trigger)* ar bholgán, osclaítear an doras, lena scaoiltear an páirtfholús laistigh agus lena súitear an t-ainmhí isteach. Dúntar an doras i bhfaiteadh na súl ar an íobartach a dhéantar a dhíleá ina dhiaidh.

aigéid, ar mhoingeanna agus ar charraigeacha fliucha ar uairibh, ach níl ceann ar bith díobh iontach coitianta, ach is é an tSadhbhóg Shléibhe *Pinguicula grandiflora*, a bhíonn le fáil ar shléibhte agus phortaigh Chorcaí agus Chiarraí, an ceann is feiceálaí. Siúlann nó eitlíonn feithidí anuas ar na duilleoga, a rollann isteach a gcuid imeall ionas nach mbeidh na feithidí in ann éalú – rud ar beag an baol go dtarlóidh sé – óir is ag na plandaí seo atá na gliúnna nádúrtha is láidre dá bhfuil ar eolas againn. Imíonn seanchraiceann tirim na feithide le gaoth tar éis di a bheith díleáite. Caitheann na plandaí seo an geimhreadh mar bhachlóga idirphasacha gan fréamhacha

Lusanna an Bhorraigh

Is éasca don duine lusanna an bhorraigh a scaoileadh thairis, agus iad ag maireachtáil i linnte agus i srutháin thanaí, tagann an t-ainm Béarla, *Bladderwort*, ó na gaistí bídeacha ar ghais chlúmhacha a nduilleog, atá cosúil le bolgán. Plandaí uisce iad gan fréamhacha a bhíonn ar foluain gan cheangal gan srian. Tarlaíonn ceithre speiceas in Éirinn; Lus an Bhorraigh *Utricularia vulgaris*, Lus an Bhorraigh Gaelach *U. intermedia,* Lus an Bhorraigh Mór *U. australia,* agus Lus an Bhorraigh Beag *U. minor*. Níl ceann ar bith díobh coitianta agus bíonn siad ar fad deacair le sainaithint. Bíonn na bláthanna buí, feiceálach go minic agus coinnítear iad ar ghais arda os cionn na nduilleog a bhíonn faoi uisce. Bíonn gaistí na mbolgán chomh mór le 5mm trasna agus gníomhachtaíonn ribí bídeacha truicir ag oscailt an ghaiste iad. Súnn folús feithidí isteach sa ghaiste nuair a theagmhaíonn siad leis na ribí truicir seo, ar luas chomh gasta leis an 1/15,000ú cuid de shoicind. Súnn súnna díleácha a scaoiltear laistigh de na bolgáin na cothaithigh amach sula gcaitear seanchraiceann folamh na feithide amach. Súnn faireoga laistigh de na bolgáin uisce amach as an taobh istigh chun folús a chruthú agus an gaiste a réiteach don chéad uair eile. Críonann codanna fásúla *(vegetative)* an phlanda siar sa gheimhreadh go ndéanann siad bachlóga teanna, a théann i mbá go tóin na linne. Is féidir le sruthanna iad seo a scuabadh leo agus a scaipeadh chuig limistéir nua den phortach.

Plandaí Ascaideacha

Tugadh Planda Ascaideach Cheanada *Sarracenia purpurea* go hÉireann in 1906. Cuireadh i bportach i gCo. Ros Comáin ar dtús é. Tá sé trasphlándáilte ón uair sin isteach i ndosaen portach ar fud na tíre. Bíonn duilleoga na hAscaide ina gcolgsheasamh agus cruth tiúib orthu, agus feidhmíonn siad mar chrúiscín, sa mhéid is go gcoinníonn siad báisteach. Bíonn dathanna troma geala dearga agus corcra cosúil le féitheacha ar na hascaidí glasa. Déanann siad róiséid cosúil le cabáiste ar phortaigh. Éiríonn an gas bláthanna amach as lár róiséad duilleog.

Gaistí sofaisticiúla inveirteabracha is ea plandaí ascaideacha. Meallann gréasa *(patterns)* tarraingteacha ar dhath na feola an fheithid go himeall na n-ascaidí ar dtús, chomh maith le braoiníní neachtair a chuireann cathú orthu. Nuair a thagann an fheithid i dtír air, ní fada go gcailleann sé greim na gcos ar na cíora sleamhna timpeall ar scóig na hascaide, agus cabhraíonn ribí a bhfuil claonadh anuas orthu leis sin trí bhac a chur ar an bhfeithid imeacht. Téann feithidí i mbá in uaigh uisce ina bhfuil súnna díleácha agus glantaigh *(detergents)* a phúscann isteach sna poill fhíorbhídeacha análaithe ar thaobha cholainn feithide.

Méadaíonn planda na seansanna a bheidh aige go n-éireoidh leis breith ar fheithid trína chuid neachtair a leasú le támhshuanach meisciúil *(intoxicating narcotic)*, ionas go rollann na feithidí thart i dtoirchim mheisce. Tá clúdach de chealla sleamhna ar na ballaí laistigh den ascaid, agus in éagmais aon ionad coise le greim a bhreith air, titeann an príosúnach go mall isteach i gceartlár uisciúil na hascaide. Beireann Plandaí Ascaide ar raon leathan inveirtreabrach. Fuarthas go raibh 205 ábhar creiche in ascaid amháin a nádúraíodh i bportach in Éirinn, fíneoga go príomha, ach bhí cuileanna cadáin, míolta, ciaróga, foichí beaga seadánacha agus damháin alla ann freisin.

Léiríonn plandaí feoiliteacha a bhíonn i láthair ar phortaigh an bealach spéisiúil atá plandaí tar éis dul in oiriúint do ghnáthóg atá fíorghann in ábhar cothaithigh. Mhúscail na plandaí seo spéis i nádúraithe ó aimsir Charles Darwin go dtí an lá atá inniu ann.

tagann feithid i dtír; fágann ribí gearra ar an ascaid go mbíonn an fheithid in ann greim na gcos a chur go daingean air

Téann feithid ag snámhaíl isteach chun teacht ar na faireoga neachtair

Bíonn támhshuanach sna faireoga neachtair chun codladh a chur ar chuileoga

Sciorrann feithid ar an dromchla sleamhain laistigh

claonadh anuas ar na ribí lena mbrúitear feithid síos

bíonn feithid ag streachailt leis ach ní féidir leis dul suas trí na ribí

faigheann feithid bás i linn leachta díleáiche

Conas a mheallann Planda Ascaide feithid chun a míchinniúna.

Seicliosta Phlandaí Feoiliteacha na hÉireann		
Ainm Gaeilge	**Ainm Laidine**	**Ainm Béarla**
Lus an Bhorraigh	*Utricularia vulgaris*	Common Bladderwort
Lus Borraigh Gaelach	*Utricularia intermedia*	Intermediate Bladderwort
Lus Borraigh Mór	*Utricularia australis*	Southern Bladderwort
Lus Borraigh Beag	*Utricularia minor*	Lesser Bladderwort
Bodánn Meascáin	*Pingulcuia vulgaris*	Common Butterwort
Leith Uisce Beag	*Pingulcuia lusitanica*	Pale Butterwort
Leith Uisce	*Pingulcuia grandiflora*	Great Butterwort
Ascaid	*Sarrocenia purpurea*	Canadian Pitcher Plant
Drúchtín Móna	*Drosera rotundifolia*	Round-leaved Sundew
Callís Mhuire	*Drosera intermedia*	Intermediate Sundrew
Callís Mhuire Mhór	*Drosera anglico*	Long-leaved Sundrew

Bagairtí ar Phlandaí Feoiliteacha

Is é an phríomhrud atá ag bagairt ar phlandaí feoiliteacha ná gnáthóga a bheith á gcailleadh, de bharr talamh a bheith á tabhairt chun míntíreachais, á draenáil agus móin a bheith á gearradh. Tá uisce agus talamh á saibhriú le cothaithigh agus is bagairt eile é sin toisc go méadaíonn sé an iomaíocht ó fhásra eile a chuireann an iomarca scáth ar phlandaí feoiliteacha. Ní maith an smaoineamh plandaí feoiliteacha neamhdhúchasacha a chur i dtailte fiáine na bportach toisc go bhfásann siad in ionad ár speiceas fiáin portaigh, atá ag dul i léig i ngach aon chontae in Éirinn.

Cad is Féidir Leatsa a Dhéanamh

Ná bain úsáid as caonach móna sa ghairdín. Táthar ag mianadóireacht chaonach móna amach as ár bportaigh agus ag baint amach gnáthóg ár bplandaí feoiliteacha agus ag cur a dtodhchaí i mbaol dá bharr. Bí gan mhóin i do ghairdín tríd an t-ábhar orgánach uile a athchúrsáil chun múirín (*compost)* a dhéanamh. Nuair a thugann tú cuairt ar an ionad gairdín, ná ceannaigh ach táirgí gairdín atá saor ar mhóin.

Leabhair Úsáideacha

Leis na plandaí a shainaithint: Webb, D.A, Parnell, J. & Doogue, D. (1996). *An Irish Flora. Dundeaglan Press* (W. Tempest) Teo. Dún Dealgan.

Leis na plandaí a shaothrú: D'Amato, P. (1998). *The Savage Garden. Ten Speed Press. Califonia.*

Láithreáin Ghréasáin

Is féidir eolas breise a fháil faoi phlandaí feoiliteacha ag na láithreáin seo a leanas:
Plandaí Feoiliteacha na hÉireann ag: www.ipcc.ie

Eolas Breise

The Carnivorous Plant Society Membership Secretary, 100 Lambley Lane, Burton Joyce, Nottingham, NG14 6BL An Ríocht Aontaithe

Arna ullmhú ag
Dr Catherine O'Connell
Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann
Ionad Dúlra, Móin Alúine, Loilíoch Mór, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara.
Lúnasa 2003
Téacs agus saothar ealaíne faoi chóipcheart Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann

Tugadh plandaí ascaideacha isteach go hÉireann in 1906 ó Cheanada. Bíonn a gcuid 'crúiscíní' lán leachta mealltach marfach do chuairteoirí.

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Feabhra 2004